

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí
as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

26 SAMHAIN 2020



COMÓRTAS: GRÁ FAOI GHLAS

Tá comórtas á reáchtáil ag **Abú Media** le seoladh an chláir **Grá faoi Ghlas** a cheiliúradh. Clár é seo a chraoltar ar TG4 agus a leanann scéal an ghrá le linn na paindéime. Tá ciseán breá ó na White Gables ar fáil mar dhuais álainn, le seacláid na Sceilíge agus buidéal fíona san áireamh. Le d'ainm a chur chun cinn ní gá ach 'like' a thabhairt do leathanach Abú Media ar Facebook agus tagairt a dhéanamh do do leathbhádóir nó dlúthchara leat gur mhaith leat an ciseán a roinnt leis/léi! Is féidir Grá faoi Ghlas a fheiceáil

chuile oíche
Chéadaoin
@ 8:30i.n. ar
TG4. Go
n-éirí libh!



Grá Faoi Ghlas

AIP NUA DO CHLUBANNA CLG

Sheol an láithreoir spóirt Gráinne McElwain aip nua le gairid, a chabhróidh le clubanna Chumann Lúthchleas Gael an Ghaeilge a chur chun cinn. Cruthaíodh é mar chuid d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, scéim thacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus Cumann Lúthchleas Gael do chlubanna CLG ar mian leo tacú leis an nGaeilge. Tá eolas faoin bhFondúireacht féin, chomh maith le scéalta faoi rannpháirtíocht na gclubanna ann, ar fáil ar an aip. Cuirtear foclóir cuimsitheach spóirt chomh maith le físeáin Ghaeilge ar thraenáil agus ar scileanna spóirt, gearrscannáin agus ceachtanna teanga ar fáil ann freisin. Is féidir podchraoltaí agus áiseanna foghlama, chomh maith le roinnt eolais ar pleanáil teanga agus ar eagraíochtaí Gaeilge a fháil uirthi freisin.



ARRACHT IN IOMAÍOCHT DO GHRADAM OSCAR!

Is é **Arracht** rogha IFTA do rannóg an scannán idirnáisiúnta is fearr do ghradaim Oscar na bliana seo. Táthar ag súil go n-éireoidh leis an scannán áit a bhaint amach ar an ngearrliosta d'aimniúcháin na ngradam. Tá go leor duaiseanna agus léirmheasanna moltacha faighte ag an scannán, atá suite in Iarthar na hÉireann le linn an Ghorta Mhóir. Tá Dónall Ó Héalaí, as Na hAille, Indreabhán i gceann de phríomhpháirteanna an scannáin. Fógrófar an gearrliosta do aimniúcháin Oscar ar an 9 Feabhra 2021 agus fógrófar na haimniúcháin féin ar an 15 Márta. Guíonn muid chuile rath ar **Arracht!**



DRIVE-THRU SANTAÍ!

Beidh Daidí na Nollag ag teacht ar cuairt go Spórtlann Naomh Anna ar an 18ú Nollaig idir 7-9. **Drive-Thru Santaí** a bheas ann i mbliana, le go gcoinneofar chuile dhuine slán, sábháilte. Ceiliúradh le soilse, ceol, damhsa agus go leor bronntanais a bheas ann do ghasúir an cheantair. €10 an praghas le spás a chur in áirithe. Tá breis eolais le fáil ag 091 551 963.



SUATHAIREACHT DO LEANAÍ

Chuir **Tuismitheoirí na Gaeltachta** tús le Suathaireacht do Leanaí ar Zoom le gairid. Veronica Ní Loideáin RMT teiripeoir cáilithe atá ina mbun, agus tá siad feiliúnach do thuismitheoirí agus dá gcuid naíonán - do ghasúir ó 6 seachtaine go 10 mí. Bíonn na ranganna ar siúl chuile Chéadaoin @ 10:30r.n. Ranganna saor in aisce iad ach caithfear clárú roimh ré. Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus clárú ag 087 246 1685 nó ag aisling@tuismitheoiri.ie

LAS SOILSE NA NOLLAG

Tá comórtas á reáchtáil ag **Iris Aniar** le teacht ar dhuine óg le soilse na Nollag a lasadh i mbliana. Iarrtar ar dhaoine óga píosa filíochta a réiteach bunaithe ar an téama Nollaig 2020. Seol iarratas chuig irisaniar@rte.ie roimh an Luan 30 Samhain. Lasfaidh an buaiteoir na soilse sa stiúideo ar an 8 Nollaig agus léifear a ndán ar an aer! Go n-éirí libh!

OBAIR TÓGÁLA AG COLÁISTE CHROÍ MUIRE

Tá foireann dhearta ceaptha anois le pleananna a réiteach do obair mhór thógála atá le déanamh ar láthair Choláiste Chroí Mhuire sa Spidéal. Tá an scoil suite ar shuíomh bhreá cois abhann trá agus farraige sa Spidéal, agus tá súil ag Bord Bainistíochta na Scoile go mbainfear lán-úsáid as áilleacht an tsuímh agus go mbeidh an pobal bródúil as an dearadh don scoil atá ag freastal ar óige agus ar phobal bródúil Gaeltachta.



FOLÚNTAS AG OÉ GAILLIMH

Tá Ollscoil na hÉireann Gaillimh, sa tóir ar Fheidhmeannach Aistriúcháin. Conradh sé mhí, mar chumhdach ar shaoire máithreachais atá i gceist. Caithfear iarratas a dhéanamh roimh an Déardaoin 10ú Nollaig @ 5i.n. Moltar iarratas a dhéanamh ar líne. Tá sonraí an phoist, chomh maith le treoracha maidir le hiarratas a dhéanamh le fáil ar an suíomh idirlín: www.nuigalway.ie/about-us/jobs.



NUI Galway
OÉ Gaillimh

SEISIÚIN CEOIL NA NOLLAG

Tá seisiúin ceoil na Nollaig ar líne á reáchtáil ag Oifig Pleanála Teanga Chois Fharraige. Más amhránaí, ceoltóir, file nó scéalaí thú, ba bhreá linn cloisteáil uait. Foilseofar seisiún amháin in aghaidh na seachtaine ar na meáin shóisialta agus muid ag teannadh leis an Nollaig - agus ceann nó dhó sa mbreis más féidir! Déan teagmháil linn: optchoisfharraige@gmail.com nó ar 0830106294!



EARRAÍ NA NOLLAG!



Sheol Sue Donnellan, ó Glass Craft Ireland, fiseán álainn le gairid ina dtaispeántar na táirgí áille atá á ndíol ag Sue don Nollaig. D'oibrigh Oifig Pleanála Teanga Chois Fharraige in éineacht le Sue ar an bhfiseán. Roinneadh an fiseán ar na meáin shóisialta mar chuid den bhfeachtas **Stuif na Nollaig!** Is féidir teacht ar an bhfiseán ar an leathanach FB: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Tá Glass Craft Ireland lonnaithe i gCeardlann an Spidéil, agus is féidir na táirgí a cheannach ar líne freisin ag: www.glasscraft.ie

#CeannaighsaGhaeltacht: má tá táirgí nó seirbhísí á soláthar agatsa, a bheadh feiliúnach don Nollaig, ba bhreá linn cloisteáil uait agus cúnamh a thabhairt duit mar chuid den bhfeachtas **'Stuif na Nollaig'** Is féidir fiseán gearr a dhéanamh a d'fhéadfadh muid a scaipeadh ar na meáin shóisialta, nó pictiúr a thógáil a d'fhéadfadh muid a fhoilsiú anseo. Is féidir linn cúnamh a thabhairt le foclaíocht agus dearadh freisin!



FÉASTA NA NOLLAG LE DIARMUID Ó MATHÚNA



Tá Féasta na Nollaig imeacht ar líne, á reáchtáil ag **Pobal Rua**. Taispeántas cócaireachta Nollaig a bheas ann. Tabharfaidh Diarmuid Ó Mathúna treoir maidir le cúpla oideas idir cinn nua-aimseartha agus cinn thaidisiúnta don lá mór! Freagróidh sé ceisteanna chomh maith. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Majella ag: pobalrua@gmail.com le clárú don ócáid iontach seo.

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i Scéal, Scéal, Scéal, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!

CRANNCHUR NÁISIÚNTA CLG & CRANNCHUR ÁITIÚIL CLG MICHEÁL BREATHNACH

Tá ticéid don Chranncgur Náisiúnta CLG á ndíol ag CLG Micheál Breathnach faoi láthair, agus tá sé beartaithe ag an gclub crannchur dá gcuid féin a reáchtáil leis na ticéid chéanna! Gné iontach den crannchur ná go bhfanfaidh an t-airgead go léir a bhailítear sa gcumann, airgead atá ag teastáil go géar. Beidh an Crannchur Áitiúil ann ar an Domhnach 20ú Nollaig, agus beidh an Crannchur Náisiúnta á tharraingt an 10ú Márta 2021. Tá duaiseanna iontacha le buachan sa dá chranncgur. Carr Renault an chéad duais sa gCrannchur Náisiúnta! I measc na nduaiseanna atá ar fáil sa gCrannchur Áitiúil tá teilifís cliste 43 orlaí, dhá oíche B&B agus béile amháin do bheirt in Ostán Station House, An Clochán agus Ualach Chloch nó Créfóige ó Niall Curran Plant Hire, Maigh Cuilinn. Tá na leabhair ticéad á ndáileadh ar bhail an chumainn faoi láthair. Tá costas €10 ar chuide thicéad. Más mian leat ticéad a cheannach ach nach ball thú, is féidir teagmháil a dhéanamh le 087 155 3207.